Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7388/23**

**JAI 310**
**FREMP 74**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; Ról an spáis shibhialta maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 10 Márta 2023) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh lena ndírítear ar ról an spáis shibhialta maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas, a ghlac an Chomhairle ag an 3936ú cruinniú a bhí aici an 10 Márta 2023.

# Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh;
# Ról an spáis shibhialta maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas

**Brollach**

**Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh,**

a. **Á mheabhrú di** Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ('CAE' feasta), ar dá réir atá an tAontas fothaithe ar luachanna atá ag na Ballstáit i gcoitinne, is iad sin luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad;

b. **Á chur i bhfios go láidir di** gur cloch mhíle i lánpháirtiú na hEorpa í an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (dá ngairtear 'an Chairt' anseo feasta), a fógraíodh go sollúnta an 7 Nollaig 2000, agus gur siombail í den fhéiniúlacht choiteann Eorpach atá againn;

c. **Á mheabhrú di** gur gheall na Ballstáit na cearta agus na saoirsí a chumhdaítear sa Chairt a ráthú do gach duine laistigh dá ndlínse agus a áirithiú go mbeidh cearta bunúsacha uilíoch, doroinnte, idirspleách agus idirghaolmhar;

d. **Á chur chun suntais di** go bhfuil an Chairt ar cheann de na hionstraimí um chearta bunúsacha is nua-aimseartha agus is cuimsithí atá ceangailteach ó thaobh an dlí de agus go gcuireann sé oibleagáid, agus dlí an Aontais á chur chun feidhme acu, ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí, agus ar na Ballstáit chomh maith, na cearta agus na prionsabail inti a urramú agus a gcur i bhfeidhm a chur chun cinn i gcomhréir lena gcumhachtaí faoi seach agus teorainneacha chumhachtaí an Aontais mar atá siad tugtha dó sna Conarthaí, de bhun mhír 1 d'Airteagal 51 den Chairt, á n-urramú;

e. **Á chur i bhfios go láidir di** a thábhachtaí atá sé aontachas an Aontais leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a bhailchríochnú, i gcomhréir le hAirteagal 6, mír 2 CAE[1], chun comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a fheabhsú maidir le cosaint na gceart bunúsach agus chun cosaint na gceart bunúsach san Eoraip a neartú a thuilleadh;

f. **Á mheabhrú di** tiomantas an Aontais tacú le cosantóirí chearta an duine ar fud an domhain, lena n-áirítear trí Threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le Cosantóirí Chearta an Duine agus trí Shásra an Aontais Eorpaigh um Chosantóirí Chearta an Duine.

g. **Ós saoth léi** na sáruithe tromchúiseacha agus forleathana ar chearta an duine arb é cogadh na Rúise ar an Úcráin is cúis leo, chomh maith leis na dúshláin maidir le cearta an duine arna n-eascairt as paindéim COVID-19, as an ngéarchéim aeráide, agus ina theannta sin as iarmhairtí na géarchéime costas maireachtála. Léiríonn na géarchéimeanna sin nach féidir talamh slán a dhéanamh de go gcosnófar i gcónaí na cearta bunúsacha agus luachanna an Aontais agus nach féidir iad a áirithiú ach i sochaí dhaonlathach atá bunaithe ar an smacht reachta. Is iarracht leanúnach agus freagracht chomhroinnte é dá dteastaíonn iarracht chomhchoiteann ó na gníomhaithe uile lena mbaineann.

[1] Aontóidh an tAontas don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Ní dhéanfaidh an t–aontachas sin difear d'inniúlachtaí an Aontais mar atá siad sainithe sna Conarthaí.

h. **Ós díol sásaimh di** an 'Straitéis chun cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas Eorpach a neartú' agus an tiomantas athnuaite inti a áirithiú go gcuirfidh institiúidí an Aontais agus na Ballstáit an Chairt i bhfeidhm a mhéid is féidir.

i. **Ós díol sásaimh di** an Tuarascáil ón gCoimisiún dar teideal 'Tuarascáil Bhliantúil 2022 maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh a Chur i bhFeidhm: Spás sibhialta rathúil chun cearta bunúsacha a chaomhnú san Aontas Eorpach' (dá ngairtear 'Tuarascáil na Cairte, 2022' anseo feasta).

j. **Ós díol sásaimh di** obair Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (dá ngairtear 'an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha' anseo feasta), mar shampla na tuarascálacha a thíolaic sí le déanaí maidir le cearta bunúsacha a chosaint le linn tréimhsí dúshlánacha, go háirithe tuarascáil 2022 dar teideal 'Sochaí Sibhialta na hEorpa fós faoi bhrú' agus na feasacháin maidir leis an gcogadh san Úcráin 'Tionchar ar chearta bunúsacha arna eascairt as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin'.

k. **Ós fada léi** an Chomhdháil 'Cosaint na gCeart Bunúsacha in aimsir Géarchéime' a bheidh á heagrú ag Uachtaránacht na Sualainne ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 20 agus an 21 Aibreán 2023. Ag an gcomhdháil sin cuirfear fóram ar fáil chun plé a dhéanamh ar conas is féidir neart agus teacht aniar a mhéadú sna struchtúir chun cearta bunúsacha san Aontas Eorpach a chosaint le linn géarchéime, lena n-áirítear an méid is féidir a fhoghlaim ó ghéarchéimeanna, ón am a chuaigh thart agus ón am i láthair, agus conas is fearr chun dul chun cinn.

**<u>Ról an spáis shibhialta maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas</u>**

**Athdhearbhaíonn** Comhairle an Aontais Eorpaigh a tiomantas do chur i bhfeidhm leanúnach na Cairte um Chearta Bunúsacha agus **formheasann** sí na conclúidí seo a leanas:

**Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid a leanas:**

1. **Meabhraítear di** go n-aithnítear sa Chairt na cearta chun saoirse comhthionóil shíochánta agus comhlachais (Airteagal 12), agus chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil (Airteagal 11).
2. **Cuireann sí i dtábhacht** go bhfuil an ceart chun saoirse comhlachais ar cheann de bhunchlocha sochaí daonlathaí iolraíche ós rud é go gcuireann sé ar chumas na saoránach gníomhú go comhpháirteach i réimsí leasa choitinn agus, ar an gcaoi sin, go rannchuidíonn sé le feidhmiú cuí an tsaoil phoiblí[2].
3. **Admhaíonn sí** go bhfuil acmhainní iomchuí leordhóthanacha daonna, ábhartha agus airgeadais de dhíth ar ghníomhaithe sochaí sibhialta ar gach leibhéal chun a misin a chur i gcrích go héifeachtach agus go bhfuil an tsaoirse chun na hacmhainní sin a lorg, a fháil agus a úsáid ina dlúthchuid den cheart chun saoirse comhlachais.[3] Ní mór rochtain den sórt sin a bheith i gcomhréir le prionsabal na dlíthiúlachta agus cloí le comhluachanna an Aontais.
4. **Cuireann sí i bhfios go láidir** go bhfuil eagraíochtaí sochaí sibhialta (dá ngairtear 'ESSanna' anseo feasta) agus cosantóirí chearta an duine[4] bunriachtanach inár sochaithe daonlathacha bunreachtúla chun rannchuidiú le cur chun cinn agus cosaint na luachanna agus na gceart a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus sa Chairt agus chun cuidiú lena áirithiú go gcuirfear an Chairt i bhfeidhm mar is ceart, agus ar an gcaoi sin tionchar na gceart bunúsach ar shaol na ndaoine a mhéadú. Ní ann do dhaonlathas folláin gan na gnéithe sin a bheith sa chóras srianta agus ceartúchán; d'fhéadfadh srianta gan údar ar spás oibriúcháin ESSanna a bheith ina mbagairt ar an smacht reachta.

---

[2] I gcomhréir le cásdlí ábhartha na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

[3] Féach Treoirlínte maidir le saoirse comhlachais (2015), prionsabal 7 ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine de chuid ESCE.

[4] Chun críoch na gconclúidí seo, tuigtear go gcumhdaítear leis an téarma 'cosantóirí chearta an duine' institiúidí náisiúnta um chearta an duine, comhlachtaí comhionannais agus institiúidí ombudsman (ar nithe nach ESSanna iad).

5. **Cuireann sí i dtreis** go gceanglaítear le hAirteagal 11 CAE ar institiúidí an Aontais an deis a thabhairt do shaoránaigh agus do chomhlachais ionadaíocha, trí bhealaí iomchuí, a gcuid tuairimí a chur in iúl agus a mhalartú go poiblí i ngach réimse de ghníomhaíocht an Aontais; agus go gcoinneodh na hinstitiúidí sin idirphlé oscailte, trédhearcach agus rialta ar bun le comhlachais ionadaíocha agus le ESSanna agus go ndéanfaidís comhairliúcháin leathana maidir le tionscnaimh nua.
6. **Admhaíonn sí** an luach a bhaineann le comhroinnt eolais agus malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit maidir leis na hiarrachtaí a dhéantar chun ESSanna agus cosantóirí chearta an duine a chosaint, chun tacú leo agus chun iad a chumhachtú, agus na ceachtanna atá le foghlaim ó na foinsí éagsúla eolais arna dtiomsú, mar shampla, ag an gCoimisiún Eorpach agus ag an nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha.
7. **Tugann sí dá haire**, agus tá sé ina ábhar imní di, go léirítear fianaise sna tuarascálacha maidir leis an spás sibhialta ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha go gcuirtear dúshláin roimh ESSanna agus go gcuirtear bac orthu, dá bhrí sin, agus na róil thábhachtacha atá acu maidir le cearta bunúsacha, leis an daonlathas agus leis an smacht reachta á gcomhlíonadh acu ar fud an Aontais.
8. **Cuireann sí i bhfios go láidir** a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar shásraí comhairliúcháin chun a áirithiú go mbeidh ESSanna agus cosantóirí chearta an duine rannpháirteach go hiomchuí i bpróisis chun reachtaíocht agus beartais a ullmhú, a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh ar an reachtaíocht agus na beartais sin.

**Iarrann Comhairle an Aontais Eorpaigh ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

9. Timpeallacht chumasúcháin le haghaidh ESSanna agus chosantóirí chearta an duine **a chosaint agus a chur chun cinn** ionas go mbeidh siad in ann a ngníomhaíochtaí a shaothrú i gcomhréir le luachanna an Aontais gan cur isteach nach bhfuil údar leis ón Stát mar a cheanglaítear le caighdeáin an Aontais agus caighdeáin idirnáisiúnta.

10. Institiúidí náisiúnta um chearta an duine **a bhunú nó** a mbunú **a éascú** i gcomhréir le Prionsabail Pháras de chuid na Náisiún Aontaithe agus creat reachtach a ghlacadh a chuirfidh ar a gcumas a ról a chomhlíonadh go neamhspleách agus sainordú leordhóthanach agus acmhainní iomchuí a chur ar fáil dóibh chun a gcúraimí a chur i gcrích go héifeachtach.
11. Pointe fócasach **a ainmniú** le haghaidh na Cairte a ainmniú, i gcás nach ndearnadh sin cheana, nó tabhairt de chúram do phointe fócasach atá ann cheana fothú acmhainneachta, malartú faisnéise agus múscailt feasachta maidir leis an gCairt a chur chun cinn agus a chomhordú.
12. **Cur leis** na hiarrachtaí atáthar a dhéanamh chun ESSanna agus cosantóirí chearta an duine a chosaint, tacú leo agus iad a chumhachtú, agus raon deiseanna comhair a chur ar fáil dóibh.
13. An spás sibhialta **a chosaint** trína áirithiú nach nglacfar aon srianta neamhriachtanacha ná treallacha, mar shampla ceanglais chlárúcháin agus córais chánach a dhíríonn go sonrach ar an spás sibhialta ar bhealach neamhfhabhrach.
14. ESSanna agus cosantóirí chearta an duine **a chosaint** ar, *inter alia*, bagairtí, ionsaithe, géarleanúint ar ghuthanna criticiúla agus feachtais chlúmhillte atá dírithe ar eagraíochtaí, baill foirne agus saorálaithe trí mhodhanna gníomhacha, mar shampla trí ghníomhaíochtaí spriocdhírithe a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, trí shásraí faireacháin a bhunú chun bagairtí den sórt sin a chosc, trína áirithiú go ndéanfar teagmhais den sórt sin a shainaithint, a thuairisciú, a imscrúdú agus go ndéanfar obair leantach orthu go pras, agus trí sheirbhísí tacaíochta tiomnaithe a chur i bhfeidhm do ghníomhaithe sochaí sibhialta.
15. **A chinntiú** gur féidir le ESSanna agus cosantóirí chearta an duine a bheith sábháilte agus, ina theannta sin, a bheith ag gníomhú go neamhspleách sa spás digiteach, *inter alia* trí chonairí a aimsiú ina mbeidh an teicneolaíocht ina cumasóir rannpháirtíochta agus gníomhaíochta daonlathaí agus nach n-úsáidfí í chun srian a chur le spás ghníomhaithe sochaí sibhialta ná lena ngníomhaíochtaí.

16. **Tacú le** ESSanna trí dhul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hinfhaighteacht, inrochtaineacht agus inbhuanaitheacht an chistithe, *inter alia*, trí dháileadh cothrom a áirithiú trí chritéir thrédhearcacha neamh-idirdhealaitheacha, glaonna ar thograí a fhoilsiú agus a scaipeadh go forleathan ionas go mbeidh rochtain fhorleathan orthu agus rochtain ar chistiú solúbtha a shimpliú do ESSanna de gach méid, lena n-áirítear trí dhigitiú agus bealaí nuálacha dáileacháin. Ag an am céanna, chun neamhspleáchas ESSanna a chosaint, ba cheart a aithint nár cheart a gcistiú a bheith ag brath ar chistí poiblí amháin.
17. Gníomhaithe na sochaí sibhialta **a chumhachtú** trí rannpháirtíocht fhóinteach raon leathan ESSanna a áirithiú agus reachtaíocht agus tionscnaimh eile á ndréachtú agus á gcur chun feidhme, tráth a cheapfar deiseanna cistiúcháin san áireamh, i réimsí beartais ábhartha a d'fhéadfadh teacht faoina sainchúram sonrach.
18. ESSanna **a chumhachtú** trína chinntiú go bhfuil an deis acu a dtuairim a mheas agus a chur in iúl maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta dlíthiúla agus beartais atá á mbeartú orthu, ar a gcomhaltaí, ar a dtoghlaigh, nó ar chearta bunúsacha i gcoitinne.

**Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,**

19. **Is díol sásaimh di** obair an Choimisiúin i ndáil le ról an spáis shibhialta maidir le cearta bunúsacha a chosaint agus a chur chun cinn san Aontas Eorpach, agus tugann sí dá haire go háirithe:

- Tuarascáil na Cairte, 2022.
- Na gealltanais atá sa Straitéis chun neart a chur le cur i bhfeidhm na Cairte um Chearta Bunúsacha san Aontas (straitéis na Cairte), tacú le timpeallacht chumasúcháin do ghníomhaithe na sochaí sibhialta agus gníomhaíocht a dhéanamh i gcoinne bearta a sháraíonn dlí an Aontais, lena n-áirítear an Chairt nuair a dhéanann na bearta sin difear d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta.
- An Tuarascáil bhliantúil ar an Smacht Reachta.
- An togra reachtach maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais.[5]

**Iarrann Comhairle An Aontais Eorpaigh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:**

20. ESSanna agus cosantóirí chearta an duine **a chosaint** trí iarrachtaí leanúnacha chun an daonlathas, an smacht reachta, agus cearta bunúsacha a chothú agus a chosaint sna réimsí beartais ábhartha uile, lena n-áirítear trí chomhleanúnachas a áirithiú idir cur chuige an Aontais maidir le cosantóirí chearta an duine a chosaint go seachtrach agus iad a chosaint go hinmheánach.

[5] Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne idir daoine gan beann ar a dtionscnamh ciníoch nó eitneach, na córa comhionainne sa réimse fostaíochta agus slí beatha idir daoine gan beann ar a reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéasach, na córa comhionainne idir mná agus fir i gcúrsaí slándála sóisialta agus maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, agus lena scriostar Airteagal 13 de Threoir 2000/43/CE agus Airteagal 12 de Threoir 2004/113/CE (15899/22) *agus* togra le haghaidh Treoir ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa maidir le caighdeáin le haghaidh comhlachtaí comhionannais i réimse na córa comhionainne agus an chomhionannais deiseanna idir mná agus fir i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha, agus lena scriostar Airteagal 20 de Threoir 2006/54/CE agus Airteagal 11 de Threoir 2010/41/AE (15902/22).

21. **Tacú le** ESSanna agus cosantóirí chearta an duine trí leanúint, laistigh den Chreat Airgeadais Ilbhliantúil, de chistiú leordhóthanach inrochtana a chur ar fáil trí chláir chistiúcháin ábhartha, mar shampla an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna. Ní mór an cistiú uile sin a úsáid i gcomhréir le luachanna coiteanna an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE agus sa Chairt.
22. **Tacú le** ESSanna agus le cosantóirí chearta an duine de gach méid, ar gach leibhéal agus de gach inniúlacht chun an deis a bheith acu tairbhe a bhaint as cistí an Aontais, *inter alia* trí ghlaonna oscailte a shimpliú, dlús a chur le tacaíocht d'iarratasóirí a d'fhéadfadh a bheith ann agus leanúint de chineálacha nuálacha cur chuige a úsáid mar shampla tacaíocht airgeadais a thugann idirghabhálaithe do thríú páirtithe (ESSanna) chomh maith le bunchistiú a thabhairt d'eagraíochtaí.
23. ESSanna agus cosantóirí chearta an duine **a chumhachtú** trí idirphlé oscailte rialta trédhearcach cuimsitheach a chothabháil, agus trí leanúint de na hiarrachtaí sásraí agus treoirlínte leordhóthanacha a chruthú chun cur ar chumas ESSanna agus cosantóirí chearta **an duine** rannchuidiú ag céimeanna ábhartha den phróisis chinnteoireachta, lena n-áirítear i dtionscnaimh a mbíonn tionchar acu orthu féin nó ar chearta bunúsacha.
24. ESSanna agus cosantóirí chearta an duine **a chumhachtú** trí na deiseanna atá ann dóibh a bheith rannpháirteach ar bhealach fiúntach a phríomhshruthú ar fud réimsí beartais agus reachtacha.
25. ESSanna agus cosantóirí chearta an duine **a chumhachtú** trí na gealltanais atá i dTuarascáil na Cairte, 2022 a chomhlíonadh maidir le hidirphlé spriocdhírithe a sheoladh le geallsealbhóirí trí shraith de sheimineáir théamacha maidir le an spás sibhialta a chosaint, ag díriú ar an gcaoi ar féidir leis an Aontas Eorpach tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an ról atá aige ESSanna agus cosantóirí chearta an duine a chosaint, tacú leo agus iad a chumhachtú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na deiseanna a shainaithnítear i dTuarascáil na Cairte, 2022.